

# gael scoil na gcloch liath

Nuachtlitr - Feabhra 2010

## Nótaí

### Briseadh Meán

#### -Téarma

Beidh an scoil dúnta Déardaoin 18ú agus Dé hAoine 19ú Feabhra.

### Mid-term

#### Break

The school will be closed on Thursday 18th and Friday 19th February.

### Na Sacramintí

Céad Fhaoistin  
Dé Sathairn 6ú Márta 11.00 Séipéal Naoimh Chillian  
*First Confession*  
Saturday 6th March 11.00 in St. Killian's Church.

Céad  
Chomaoineach  
Dé Sathairn 8ú Bealtaine 11.00 Séipéal Naoimh Chillian  
*First Communion*  
Saturday 8th May 11.00 in St. Killian's Church.

## Bhí gráinneog ar scoil lá.



Tháinig cuairteoirí ó Choill Cnoic Since ag deireadh Mí Eanáir. Chuir said taispeántas ar siúl do na páistí de ghriangrafanna agus d'ainmhithe. Bhain na páistí an-taitneamh as an lá agus iad ag éisteacht is ag foghlaim. Seo a leanas roinnt altanna scríofa ag na páistí.

*At the end of January, the school was visited by the staff of Knocksink Woods who showed the children photos of our local animals along with some stuffed animals that the children could touch and examine. They really had a great day and learned a huge amount. What follows are the paragraphs written by some of the children describing the day.*



"Tháinig beirt chailín isteach le griangrafanna. D'fhoghlaim muid faoi ainmhithe na coille agus a ngnáthóga."

Eileanór & Kaci, Rang 1.

"Tháinig beirt chuirteoir ar an 28ú de Mhí Eanáir. Thaispeán siad ainmhithe fíor nach raibh beo."

Oisín & Lúcas, Rang 2.



"Tháinig beirt bhean isteach le griangrafanna agus ainmhithe ach ní raibh siad beo. Bhí cead againn iad a láimhseáil."

Oscar, Rang 1 & Denis, Rang 2



"Tháinig beirt chuirteoir isteach. Thaispeán siad fíor-ainmhithe nach raibh beo fós. Tá a fhios againn anois gur féidir leis an ngráinneog snámh."

Rossa & Ralph, Rang 2

**Maith sibh a pháistí!**

## Is Scríobhnóirí Sinn!

### Meabhrúcháin

*Má tá do pháiste as láthair, iarrtar ort nóta gearr a scríobh ag míniú cén fáth nach raibh do pháiste ar scoil. Coiméadann an múinteoir an t-eolas seo. Tá sé ag teastáil ach go háirithe má chailleann do pháiste breis is 20 lá.*



*If your child is absent from school, please write a short note to the teacher explaining this absence. The teacher will keep these notes on file. They are needed especially if your child misses over 20 days.*

Tá Naíonáin Mhóra, Rang 1 agus Rang 2 ag glacadh páirt sa tionscnamh 'Scríobh Leabhar Gaeilge'. Séard atá i gceist leis seo ná scéal a scríobh agus leabhar a dhearadh agus a mhaisiú. Oibríonn na páistí leo féin, i ngrúpaí nó mar rang.



*Naíonáin Mhóra, Rang 1 and Rang 2 are taking part in the 'Scríobh Leabhar Gaeilge' project. This involves writing a story and designing and decorating a book. The children can work independently, in groups or as a class.*

Tá ard-mholadh tuillte ag na páistí uilig as an scríbhneoireacht agus maisiú iontach atá déanta acu. Cuirfear ar aghaidh na leabhair anois go scoil eile agus roghnófar cúpla ceann i gcomhair gradam speisialta.

*They have been working very hard in recent weeks to produce interesting and colourful books. These will now be sent to another school where a number will be chosen for a special award.*



Gheobhaidh na páistí seans scéalta daltaí i scoileanna eile a léamh agus na cinn is fearr leo a phiocadh amach.

*The children here will also have an opportunity to look at the work of other students and pick out their favourites.*



Is scéim iontach í seo a thugann deis do na páistí a gcuid oibre a roinnt le páistí eile agus a bheith bródúil asti.

*This is an excellent initiative that allows the children to share their work with their peers and there is a great sense of pride for all involved.*

**Maith sibh a pháistí, rinne sibh éacht!**

## Vaicsíniú

Beidh na banaltraí áitiúla ag vaicsíniú na páistí Dé hAoine 5ú Márta. Munar chuir tú an fhoirm ar ais, iarraim ort í a chuir ar ais chuig Rúnáí Éilís roimh Dé Céadaoin 17ú Feabhra. Tá foirmeacha ar fáil san oifig má tá siad uait.

*The vaccinations will take place on Friday 5th March. If you have not returned the form, please do so by Wednesday 17th February.*

### **An féidir leat cabhair a thabhairt?**

Táimid ag lorg tuismitheoirí chun leabhair a chlúdú.

Más féidir leat cabhair a thabhairt, bhéinn buíoch díot dá bhféadfá sin a chur in iúl do Mhúinteoir Eoghan.

### **Can you help?**

*We are looking for help covering books. If you think you would be able to come into school and help with this, please let Múinteoir Eoghan know.*

### **An féidir leat canadh?**

#### **Can you sing?**

Táimid ag lorg roinnt cantóirí chun chór a chur le chéile don chéad chomaoineach. Má tá suim agat, labhair le M. Daithí.

*We are looking to form a choir for the First Holy Communion. If you are interested, please let M. Daithí know.*

## **Soiléiriú ar an Ailéirge le Cnónna**

Tháinig roinnt ceisteanna chuig na scoile maidir leis an ailéirge roimh chnónna agus na rudaí gur féidir agus nach féidir a thabhairt ar scoil sa lón. Ba mhaith liom soiléiriú a dhéanamh ar seo.

*A number of queries regarding the allergy to nuts have arisen especially regarding what can and cannot be brought into school as part of the lunches. I would like to clarify this.*

Iarraim oraibh breathnú ar na comhábhar atá i lón do pháiste agus má tá aon cheann de na rudaí seo a leanas ann ní féidir an bia sin a thabhairt ar scoil.

Comhábhar: Cnónna (d'aon sort), síolta (d'aon sort), Cnónna cócó, ola chnónna nó lus na gréine. Iarraim oraibh aire a thabhairt le arán ach go háirithe ar fhaitíos go bhfuil cnónna nó síolta air.

*I would ask that you look at the ingredients of items in the lunch box and if any of the following are present, please remove them from the lunch.*

*Ingredients:*

*Nuts of any kind, Seeds of any kind, coconut, nut oils or sunflower oil. I would ask that you look at the ingredients of the bread as nuts and seeds can be present in many forms of bread.*

Tá leathanach eolais ar fail san oifig maidir le ailéirge roimh chnónna má tá breis eolais uaibh.

*Information sheet on nut allergies is available in the office.*

## **Cuireadh Breithlá (Birthday Invitation)**

Beidh ainm ag céiliúradh a aois b(h)reithlá ar an dáta.

Name will celebrate his/her age birthday on date.



Beidh an féasta ar siúl againn i áit ag am.

The party will take place in place at time.



Más féidir leat bheith linn ag an gcéiliúradh seo, cur gaoch orm ar uimhir fóin.

*If you can join us in this celebration please call me on phone number.*

Ainm an tuismitheora / Parent's Name



Clár Bán  
Idirghníomhach  
(Luach €4500)

500
450
400
350
300
250
200
150
100
50

Tá 116 as 500 fón  
againn.  
*We have collected  
116 phones*

## Seol Text!

Táimid an-buíoch daoibh as 116 fón a bhailiú. Ach is fada uainn an clár bán idirghníomhach. Tá orainn 500 fón a bhailiú chun an clár bán seo a fháil saor in aisce. Beimid ag sábháil thart ar €4500 má éiríonn linn iad a bhailiú. Dá bharr iarraimid oraibh téacs a sheoladh chuig bhur gcairde chun gach seans a thabhairt dúinn 500 fón a bhailiú.

*We are really appreciative of your support in helping us collect 116 phones but we still have a long way to go to collect the 500 needed for the interactive whiteboard. We will be saving nearly €4500 if we manage to collect all 500. Therefore we are asking you to text all your friends and family in order that we reach our goal of 500 by June.*

**Go raibh míle maith agaibh!**

## Seachtain na Gaeilge

Beidh Seachtain na Gaeilge ar siúl ón 8ú Márta go dtí 16ú Márta. Beidh eachtra ar siúl do na páistí sa scoil gach lá, ar nós scéalaí ag teacht chun scéal a insint, comórtas cártaí, tráth na gceist &rl.

*Seachtain na Gaeilge will take place in the school from Monday 8th March to Tuesday 16th March. There will be an event each day for the children including storytellers, card competition, quiz etc.*


Táimid ag tabhairt cuireadh daoibh freastal ar 3 lá faoi leith — Dé Luain 8ú le haghaidh tóraíocht taisce, Dé hAoine 12ú le haghaidh céilí agus Dé Luain 15ú le haghaidh tráth na gceist (N. Mhóra, R1 agus R2) Beidh breis eolais ag dul abhaile i litir roimhe sin.

*We would like to invite you to take part on the following dates: 8th for a treasure hunt, 12th for a céilí and 15th for a table quiz (N. Mhór, R1 & R2). Further information will be sent home closer to the time.*

## Zúmáil Leat!

Tá grúpa tuistí agus leanaí atá ag úsáid Gaeilge sa bhaile ag bualadh le chéile Dé Domhnaigh 21ú Feabhra san ionad súgradh Zoom ó 11am Táille Speisialta - €5

*Meet and play through Irish with Comhluadar in Zoom on Sunday 21st Feb, from 11am. Special admission - €5 per child*



Comhluadar Teoranta

[www.comhluadar.ie](http://www.comhluadar.ie)

Fón: (01) 6715116

*(please mention that you are with the  
Irish group when paying)*

**gael scoil na gcloch liath**